



10/01/2023

A Phríomhoide,

Is í feidhm na cumarsáide seo ná eolas a dháileadh ar scoileanna maidir le forbairt thábhachtach atá ag tarlú ar bhonn náisiúnta i dtaobh soláthair forbairt ghairmiúil san oideachas do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile atá maoinithe ag an Roinn Oideachais.

I láthair na huaire, tá ceithre sheirbhís tacaíochta ar an bhfód a sholáthraíonn réimse leathan de thacaí leanúnacha do bhunscoileanna, d'iarbhunscoileanna agus do scoileanna speisialta, ócáidí foghlama gairmiúla do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí san áireamh. Seo iad:

- Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS)
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM)
- An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM)
- An tSeirbhís um Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Tá obair mhór déanta go dtí seo maidir le comhthathú na gceithre sheirbhís tacaíochta agus bunófar seirbhís chomhtháite nua, dar teideal, *Oide*, ar an 1ú Meán Fómhair 2023. Is í fíis na heagraíochta comhtháite nua, *Oide*, ná tacú le foghlaim ghairmiúil trí fhoghlaim shofhreagrach, nuálach d'ardchaighdeán a fhorbairt chun múinteoirí agus ceannairí scoile in Éirinn a chumasú chun freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí i sochaí athraitheach.

Déanfaidh an eagraíocht nua buanna na seirbhísí tacaíochta reatha a tharraingt le chéile, trí na tacaí agus na seirbhísí ar ardchaighdeán den chineál céanna atá curtha ar fáil ag LCS, SSM, CNIM, agus SFGM a sholáthar. Comhcheanglófar na hacmhainní luachmhara, an saineolas agus na córais oibriúcháin éifeachtacha atá i bhfeidhm trasna na seirbhísí. Anuas air sin, beidh sé de chumas ag *Oide* cuir chuigí nuálacha agus cruthaitheacha eile a chur ar fáil maidir le soláthar tacaíocht scoile agus foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile. Freastalófar ar riachtanais na mbunscoileanna, na n-iarbhunscoileanna agus na scoileanna speisialta, agus na láithreacha éagsúla oideachais in Éirinn don todhcháí.

Oibreoidh *Oide* go dian dícheallach chun é féin a fhréamhú mar eagraíocht aireach, shofhreagrach, mharthanach don todhcháí, agus é leabaithe go buan chun córas cumarsáide níos sruthlíní a chruthú idir é agus gach scoil ag cinntiú go ndéanfar freastal éifeachtach ar ilriachtanais agus ar shainriachtanais na scoileanna éagsúla. Beidh *Oide* mar eagraíocht ag cloí le dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Comhoibreoidh *Oide* le páirtithe leasmhara ábhartha; forbróidh sé ar na naisc a mhaireann cheana le páirtithe leasmhara na gceannairí scoile chun na torthaí is fearr do scoileanna, do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoirí araon a bhaint amach.



Leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar aghaidh ag soláthar cláir chuimsitheach d'fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí chun cur le cumas scoileanna agus múinteoirí ionas go gcuirfear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh. Bainfear é seo amach trí réimse de sheimineáir, trí phobail chleachtais agus trí cheardlanna iar-sheimineáir, trí fhorbairt ghairmiúil ionscoile saincheaptha agus trí acmhainní inrochtana a sholáthar. Oibreoidh *Oide* go dlúth le CNOS agus cinnteofar go bhfuil modhanna cumarsáide láidre eatarthu agus go gcuirfear cur chuige comhoibríoch i bhfeidhm maidir le soláthar foghlama gairmiúil do mhúinteoirí, mar is cuí.

Ní gá do scoileanna aon ghníomh a dhéanamh ag an staid seo ar ábhar na seirbhíse comhtháite nua. Eiseofar tuilleadh eolais faoi *Oide* níos déanaí sa scoilbhliain reatha. Iarrtar ort, áfach, an comhfhreagras seo a chur faoi bhráid na foirne ábhartha.

Seolfar suíomh idirlín nua, www.oide.ie, go luath in 2023 agus déanfar uasdátú air in imeacht ama. Tá rochtain ag ceannairí scoile agus múinteoirí ar ábhar agus ar thacaí na seirbhísí reatha trí chuairt a thabhairt ar an suíomh idirlín cuí, mar shampla: csl.ie; jct.ie; scoilnet.ie; webwise.ie; teacherinduction.ie, pdst.ie; pdsttechnologyineducation.ie, is araile.

Is féidir le scoileanna uasdátaithe a fháil maidir le dul chun cinn *Oide* trí chuntas gíolcaireachta na heagraíochta a leanúint [@oide_ireland](https://twitter.com/oide_ireland).

Is mise le meas,

Dr Pádraig Kirk (Bainisteoir Tionscadail) & Rannóg Oideachais Múinteoirí, An Roinn Oideachais